COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

AD 54/26

LIMITE

CONF-ME 18

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH<br>- Caibidil 8: Beartas iomaíochta |

**COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

PUBLIC

**Caibidil Chaibidlíochta 8: Beartas iomaíochta**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

– aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

– na comhaontuithe sin – fiú mura bhfuil iontu ach páirtchomhaontuithe – a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán;

– agus tá sé faoi réir na riachtanas a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint de phróiseas an ailínithe le *acquis* an Aontais, agus é á thabhairt dá aire aige go bhféadfadh *acquis* breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas, chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach an *acquis* a áirithiú, agus molann sé dó, roimh an aontachas, beartais agus ionstraimí a fhorbairt a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh caibidlíochta AD 8/19 CONF-ME 1 agus AD 14/26 CONF-ME 11 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 8 mar atá i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2026, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach.

**Ionstraimí in aghaidh trustaí agus ionstraimí cumaisc**

A mhéid a bhaineann le creat reachtach Mhontainéagró, measann an tAontas, leis an dlí nua maidir le cosaint iomaíochta a glacadh in 2026 agus leis an reachtaíocht cur chun feidhme, go bhfuil Montainéagró ag teacht le hAirteagail 101, 102 agus 106 CFAE, le Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle, le Treoir (AE) 2019/1 agus leis an *acquis* eile i réimse na ndlíthe in aghaidh trustaí agus i réimse na gcumasc. Ina theannta sin, tá an Dlí maidir le nósanna imeachta chun damáiste a chúiteamh mar gheall ar shárú iomaíochta sa mhargadh, a glacadh in 2026, ailínithe le Treoir 2014/104/AE. Le glacadh gníomhartha reachtacha tánaisteacha éagsúla faoin Dlí maidir le cosaint na hiomaíochta áirithítear go ndéantar an dlí a ailíniú a thuilleadh leis an *acquis* is infheidhme maidir leis na hionstraimí in aghaidh trustaí agus maidir le hionstraimí cumaisc. Tugann an tAontas dá aire go dtréigtear, leis an Dlí nua maidir le hiomaíocht a chosaint, córas cinnteoireachta na Gníomhaireachta um Chosaint Iomaíochta le haghaidh iarrataí aonair ar dhíolúine, i gcomhréir le *acquis* an Aontais i réimse chosaint na hiomaíochta. Tugann an dlí cumhachtaí leordhóthanacha don Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta freisin chun a cheangal go gcuirfí deireadh le sárú, chun bearta eatramhacha a fhorchur agus chun glacadh le gealltanais; tugann sé de chumhacht freisin don Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta pionóis thréimhsiúla a fhorchur, chomh maith le méid na bhfíneálacha a mholadh don Chúirt Oilghnímh. Ní mór do Mhontainéagró leanúint den *acquis* a fhorbairt agus, dá réir sin, ailíniú tráthúil a áirithiú, agus ní mór di a reachtaíocht a oiriúnú a thuilleadh, mar shampla le forálacha nach féidir a chur chun feidhme go dtí tar éis aontachas leis an Aontas (e.g. forálacha maidir le comhar trasteorann faoi Threoir (AE) 2019/1).

Tugann an tAontas dá aire gur neartaíodh cumas na gcúirteanna oilghnímh i gcaitheamh na mblianta agus go bhfuil cuntas teiste bunaithe de réir a chéile acu go ndéanann siad imscrúduithe breithiúnacha éifeachtacha agus éifeachtúla i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta agus obair leantach ar neamhrialtachtaí a bhraitear, lena n-áirítear trí smachtbhannaí díspreagthacha a fhorchur, i gcás inarb iomchuí.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil acmhainneachtaí riaracháin leordhóthanacha ag na comhlachtaí inniúla i réimse an bheartais iomaíochta, go háirithe ag an nGníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta, agus buiséid bhliantúla mhéadaitheacha don Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta mar bhonn taca leo. Is díol sásaimh don Aontas gníomhaíochtaí diongbháilte Mhontainéagró sa réimse sin, go háirithe gur earcaíodh agus gur cuireadh oiliúint ar níos mó daoine chun na cásanna a láimhseáil. Tugann an tAontas dá aire gur glacadh an Plean Gníomhaíochta chun na hacmhainneachtaí riaracháin i gcaibidil chaibidlíochta 8 a neartú, ar plean daingean é chun an fhoireann a earcú atá riachtanach don Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta agus do na haireachtaí líne, chomh maith le tuilleadh cúrsaí oiliúna agus gealltanais bhuiséadacha faoi dháta an aontachais. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Aontas an córas atá bunaithe chun oiliúint a chur ar bhreithiúna, lena n-áirítear i gcomhar leis an Lárionad Oiliúna um Ionchúiseamh Breithiúnach agus Stáit i Montainéagró.

PUBLIC

**Státchabhair**

A mhéid a bhaineann le creat reachtach Mhontainéagró maidir le Státchabhair, measann an tAontas go bhfuil an Dlí maidir le rialú Státchabhrach a glacadh in 2025, agus an reachtaíocht thánaisteach ábhartha ailínithe le hAirteagail 107 agus 108 CFAE agus le *acquis* ábhartha an Aontais maidir le Státchabhair. Áirithítear leis an Dlí stádas dlíthiúil cuí an ailínithe leis an *acquis* maidir le Státchabhair lena n-áirítear i ndáil le Leabhar Rialacha an Liosta Rialacha maidir le Státchabhair. Ar an gcaoi chéanna leis na hionstraimí cumaisc agus in aghaidh trustaí, ní mór do Mhontainéagró leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an *acquis* maidir le Státchabhair agus, dá réir sin, ailíniú tráthúil agus oiriúnú breise ar a reachtaíocht a áirithiú.

Tugann an tAontas dá aire go bhforáiltear leis an Dlí maidir le cosaint na hiomaíochta do neamhspleáchas oibríochtúil an údaráis státchabhrach trí shainordú na Gníomhaireachta um Chosaint Iomaíochta a leathnú chun rialú státchabhrach a chur san áireamh.

Is díol sásaimh don Aontas gur neartaigh Montainéagró acmhainneacht riaracháin na Gníomhaireachta um Chosaint Iomaíochta maidir le rialú Státchabhrach, go háirithe trí níos mó daoine a earcú chun cásanna a láimhseáil. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil cuntas teiste forfheidhmithe á fhorbairt de réir a chéile agus béim á leagan ar fhógraí agus rialuithe *ex ante*, rud a thugann le fios go bhfuil an córas rialaithe státchabhrach á fheabhsú de réir a chéile agus tuiscint mhaith ann, idir údaráis lárnacha agus údaráis áitiúla araon, maidir le deontóirí státchabhrach, . Is díol sásaimh don Aontas freisin raon feidhme leathan na ngníomhaíochtaí a d'eagraigh an Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta chun feasacht a mhúscailt maidir le deontóirí státchabhrach agus gnólachtaí státchabhrach, chomh maith leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun dul gcion ar dhámha an dlí, na heacnamaíochta agus na polaitíochta sna hollscoileanna maidir leis an iomaíocht agus Státchabhair.

Is díol sásaimh don Aontas freisin córas seanbhunaithe feidhmiúil an rialaithe *ex ante* agus an fhaireacháin *ex post* ar an státchabhair i Montainéagró. Tugann an tAontas dá aire gur féidir leis an údarás inniúil – an Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta – measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na mbeart cabhrach i gcásanna casta, agus, i gcás inar gá, aisghabháil cabhrach neamhdhleathaí a ordú. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil feabhas tagtha de réir a chéile ar chuntas teiste Mhontainéagró maidir le forfheidhmiú agus go bhfuil léirithe aige go bhfuil an cuntas teiste sin sásúil ar an iomlán sa réimse sin agus iarrann sé ar Mhontainéagró leanúint dá iarrachtaí agus leanúint d'fheabhas a chur ar an réimse sin agus de thorthaí a bhaint amach ann.

I bhfianaise na n-**imscrúduithe státchabhrach** ar leith ar chabhair a d'fhéadfadh a bheith neamh-chomhoiriúnach a deonaíodh in **earnáil na n-aerlínte**, go háirithe an chuideachta Montenegro Airlines, tugann an tAontas dá aire go ndearna Montainéagró, sa tréimhse idir 2019 agus 2024, ceithre imscrúdú fhoirmiúla *ex officio* ar an státchabhair uile arbh fhéidir gur deonaíodh í ó bhí 2012 i leith (lena n-áirítear i gcomhthéacs an Dlí maidir le hinfheistíocht i gcomhdhlúthú agus i bhforbairt Montenegro Airlines in 2019) agus gur eisigh sé trí chinneadh aisghabhála maidir le státchabhair neamh-chomhoiriúnach agus lena n-áirítear maidir le saincheisteanna téarnaimh i gcomhthéacs na dócmhainneachta. Is díol sásaimh don Aontas freisin gur thionscain an Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta gníomhaíochtaí eile sa bhreis ar an iarraidh thosaigh faoin tagarmharc deiridh, e.g. chun imscrúdú a dhéanamh ar cheist an leanúnachais/neamhleanúnachais eacnamaíoch idir Montenegro Airlines agus an t-iompróir náisiúnta nua ToMontenegro agus ar an Státchabhair a d'fhéadfaí a dheonú don iompróir sin. Measann an tAontas, trí na himscrúduithe *ex officio* thuasluaite, go bhfuil tús curtha ag an nGníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta leis na himscrúduithe agus na céimeanna nós imeachta is gá don chás tagarmhairc sin. Cé go dtuigeann an tAontas go bhféadfadh tréimhse fhada a bheith i gceist le nósanna imeachta féimheachta os comhair Cúirt Tráchtála, iarrann sé ar Mhontainéagró tuairisciú a dhéanamh gach 6 mhí maidir le haon fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le haisghabháil éifeachtach na Státchabhrach neamh-chomhoiriúnaí sa chás sin chomh maith leis an measúnú iomlán a bhaineann le leanúnachas/neamhleanúnachas eacnamaíoch idir Montenegro Airlines agus an t-iompróir náisiúnta nua ToMontenegro, lena n-áirítear maidir le Státchabhair a d'fhéadfaí a dheonú don iompróir sin.



PUBLIC

A mhéid a bhaineann le cás earnáil an alúmanaim, go háirithe an chuideachta Kombinat Aluminijuma Podgorica (KAP), tugann an tAontas dá aire gur ghlac 'Politropus Alternative' d.o.o. Tivat agus 'Uniprom' d.o.o. Nikšić seilbh ar a shócmhainní in 2014. Sa chinneadh uaidh an 11 Márta 2016, tháinig an Coimisiún um Rialú Státchabhrach ar an gconclúid nach bhfuil aon leanúnachas eacnamaíoch idir KAP agus úinéirí nua a shócmhainní. Lean Uniprom d'oibriú an bhruithneora alúmanaim ar scála níos lú ach scoir sé dá oibríochtaí i mí na Nollag 2021. Tugann an tAontas dá aire an toradh a bhí ar an measúnú tiomnaithe a rinne an Coimisiún um Rialú ar Státchabhair nár thairbhigh Uniprom de státchabhair neamh-chomhoiriúnach.

PUBLIC

Maidir le cás an bhonneagair iompair, go háirithe mórbhealach Bar-Boljare, tugann an tAontas dá aire conclúidí na Gníomhaireachta um Chosaint Iomaíochta maidir le heaspa státchabhrach neamh-chomhoiriúnaí i gcás an mhaoinithe a tugadh do thógáil stráicí Smokovac-Mateševo agus Mateševo-Andrijevica agus do shaothrú tráchtála stráice Smokovac-Mateševo, go háirithe i ndáil leis an gcuideachta Stáit 'Monteput'.

Ag féachaint dó ar an bhforfheidhmiú foriomlán, is díol sásaimh don Aontas cuntas teiste na Gníomhaireachta um Chosaint Iomaíochta maidir le cásanna cabhrach neamh-chomhoiriúnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a imscrúdú agus obair leantach a dhéanamh maidir lena haisghabháil. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leanúint de státchabhair chomhoiriúnach agus neamh-chomhoiriúnach araon a thaifeadadh go cuí sna cláir thiomnaithe maidir le Státchabhair agus sna tuarascálacha bliantúla maidir le Státchabhair.

A mhéid a bhaineann le Státchabhair in earnálacha na talmhaíochta agus an iascaigh, tagraíonn an tAontas do Chomhsheasaimh an Aontais Eorpaigh chun caibidlí Chaibidil 11 a dhúnadh: Talmhaíocht agus forbairt tuaithe (AD 22/25 CONF-ME 9/25) agus Caibidil 13: Iascach (AD 21/25 CONF-ME 8/25), faoi seach.

Maidir le cabhair a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, meabhraíonn an tAontas, i gcomhréir le hAirteagal 108(1) CFAE, go bhfuil na bearta cabhrach atá ann cheana faoi réir nós imeachta athbhreithniúcháin faoinar féidir leis an gCoimisiún, i gcomhar leis an mBallstát, athruithe ar bheart cabhrach atá ann cheana a mholadh nuair is iomchuí chun comhoiriúnacht leis an Margadh Inmheánach a áirithiú.

A mhéid is mian le Montainéagró go ndéanfaí bearta cabhrach a cuireadh i bhfeidhm roimh dháta an aontachais agus a bheidh fós infheidhme tar éis dháta an aontachais a mheas mar chabhair atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró liosta a tharraingt suas de na bearta cabhrach sin a mheasann an Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta a bheith comhoiriúnach leis an *acquis* agus an liosta sin a tharchur chuig an gCoimisiún lena athbhreithniú.

PUBLIC

Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa liosta, faisnéis atá le tíolacadh i bhformáid nithiúil tuairiscithe arna soláthar ag an gCoimisiún:

– Gach beart cabhrach (idir scéimeanna cabhrach agus chabhair aonair) (i) a cuireadh i bhfeidhm roimh an aontachas, agus a bheidh infheidhme tar éis an aontachais; (ii) a ndearna an Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta measúnú air; agus (iii) a chinn an Ghníomhaireacht um Chosaint Iomaíochta é a bheith ag luí leis an *acquis*;

– Aon fhaisnéis atá fíor-riachtanach chun go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhoiriúnacht na mbeart cabhrach ar an liosta.

Ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta go dtí dáta an aontachais.

Cabhair atá san áireamh sa liosta agus nach bhfuil amhras tromchúiseach léirithe ag an gCoimisiún ina leith, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh, maidir lena comhoiriúnacht, measfar gur cabhair atá ann cheana í tar éis dháta an aontachais.

Cuireann an tAontas in iúl do Mhontainéagró go measfar i gcónaí gur cabhair atá ann cheana iad bearta cabhrach a cuireadh i bhfeidhm níos mó ná 10 mbliana roimh dháta an aontachais.

Áireofar sa Chonradh Aontachais tagairt don liosta cabhrach atá ann cheana agus don nós imeachta chun é a bhunú (an 'sásra cabhrach atá ann cheana' mar a thugtar air).

Gach beart státchabhrach atá fós infheidhme tar éis dháta an aontachais agus nár aithníodh mar chabhair atá ann cheana tríd an nós imeachta atá tuairiscithe thuas, measfar gur cabhair nua é tráth an aontachais. Tar éis an aontachais, beidh cur i bhfeidhm na mbeart nua cabhrach sin ag brath ar fhógra a bheith tugtha ag Montainéagró fúthu de bhun Airteagal 108 CFAE agus ar chinneadh an Choimisiúin go bhfuil na bearta cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

**Léirscaoileadh**

Tugann an tAontas dá aire nach bhfuil aon mhonaplachtaí Stáit de chineál tráchtála ag Montainéagró, dá bhforáiltear in Airteagal 37 CFAE, agus go bhfuil feidhm ag an Dlí maidir le le cosaint na hiomaíochta agus ag an Dlí maidir le rialú Státchabhrach maidir le gnóthais phoiblí nó gnóthais a bhfuil cearta speisialta nó eisiacha acu, ach amháin i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm bac ar fheidhmiú gníomhaíochtaí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne, agus a chuirtear de chúram orthu i gcomhréir le hAirteagal 106 CFAE.

Tugann an tAontas dá aire go gcomhlíontar le tabhairt i gcrích na ngnéithe a dtugtar cuntas orthu thuas ceanglais na dtagarmharc deiridh mar a leagtar amach in AD 2/20 CONF-ME 1.

* * *

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh ar an gcaibidil seo ag an bpointe seo.

PUBLIC

Leanfar den fhaireachán ar ghealltanais agus ar dhul chun cinn Mhontainéagró maidir le hailíniú agus cur chun feidhme an *acquis* go dtí aontachas na tíre. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán a dhéanamh ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn ailíniú iomlán Mhontainéagró leis an *acquis* sa chaibidil seo a áirithiú chomh maith leis an acmhainneacht riaracháin chun í a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí eile caibidlíochta. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú críochnaitheach a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an *acquis* agus ar a cur chun feidhme agus ar chomhlíonadh na dtagarmharc deiridh. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a thabhairt go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur chun feidhme an *acquis* agus neartú a chumais riaracháin.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 8/19 CONF-ME 1 agus AD 14/26 CONF-ME 11 uaidh, an *acquis* faoi chaibidil 8 mar atá i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2026. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an *acquis* agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi thráth a aontachais leis an Aontas Eorpach.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua teacht chun bheith ann idi an 1 Aibreán 2026 agus tabhairt i gcrích na caibidlíochta.

PUBLIC